Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Eanáir 2022**
**(OR. en)**

**5092/22**

**SOC 8**
**EMPL 7**
**EDUC 5**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna<br>Ceapachán Sandra MISO GUAJARDO, comhalta malartach don Spáinn, in ionad Miriam PINTO, atá éirithe as |

1. Cuireadh in iúl dArdrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Miriam PINTO éirithe as mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid thuas i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí (don Spáinn).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna *(Cedefop)* agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag an eagraíocht fostóirí *BusinessEurope* don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023:

Sandra MISO GUAJARDO
CEOE
Departamento de Educación y Formación
C/Diego de Leon 50
SP – 28006 Madrid
Teil: + 34 915663434
seoladh ríomhphoist: smiso@ceoe.es

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, a ghlacadh mar mhír "A", agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta malartach in ionad comhalta malartach de
Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna *(Cedefop)* agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 8 Iúil 2019[3], an 16 Meán Fómhair 2019[4] agus an 8 Samhain 2019[5], cheap an Chomhairle comhaltaí agus comhaltaí malartacha Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na bhfostóirí tagtha chun bheith folamh anois ó tharla gur éirigh Miriam PINTO as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag an eagraíocht fostóirí *BusinessEurope* don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.
2 IO C 136, 12.4.2019, lch. 6.
3 IO C 232, 10.7.2019, lch. 5.
4 IO C 316, 20.9.2019, lch. 3.
5 IO C 385, 13.11.2019, lch. 6.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Sandra MISO GUAJARDO ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna in ionad Miriam PINTO, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán